



AN CHOMHAIRLE EORPACH

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2013
(OR. en)**

EUCO 169/13

**CO EUR 13
CONCL 7**

NÓTA CLÚDAIGH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Na toscaireachtaí

Ábhar: **AN CHOMHAIRLE EORPACH
24/25.10.13**

CONCLÚIDÍ

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal na conclúidí ón gComhairle Eorpach
(an 24/25 Deireadh Fómhair 2013).

Tá rianta de théarnamh eacnamaíoch le feiceáil cheana féin, ach fós féin caithfidh AE leanúint dá iarrachtaí chun an acmhainn fáis agus an fhostaíocht a mhéadú agus chun cur le hiomaíochas na hEorpa. Dhírigh an Chomhairle Eorpach a haird inniu ar an ngeilleagar digiteach, ar an nuálaíocht agus ar sheirbhísí. Is réimsí iad sin a d'fhéadfadh cur go mór leis an bhfás agus le cruthú post, agus caithfear an acmhainn sin a shaothrú gan mhoill. Chuir an Chomhairle Eorpach treoir nithiúil ar fáil chun leas iomlán a bhaint as an acmhainn sin.

Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach freisin ar réimsí éagsúla den bheartas eacnamaíoch agus sóisialta. Mheas sí éifeacht chur chun feidhme na dtionscnamh sin a seoladh i mí an Mheithimh sa chomhrac i gcoinne na difhostaíochta i measc an ógra agus chun an geilleagar a mhaoiniú, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide go mórmhór a mhaoiniú, agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le bearta breise. Chuir sí dlús nua faoi rialáil níos fearr.

Bhí plé cuimsitheach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a thabhairt chun críche. Dhírigh sí go mórmhór ar fheabhas a chur ar chomhordú an bheartais eacnamaíoch, ar neartú ghné shóisialta an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus ar an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Mar a cinneadh i mí an Mheithimh, fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na hábhair seo ar fad i mí na Nollag agus é d'aidhm aici cinntí a dhéanamh ina leith.

Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach chun cinn go Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir, a bheidh á réachtáil i Vilnius an 28 agus an 29 Samhain 2013.

Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur ábhar mór bróin di na himeachtaí tragóideacha a thit amach sa Mheánmhuir le deireanas inar chaill na céadta a mbeatha agus chinn sí go dtreiseofar gníomhaíocht na Comhairle i dtreo is nach dtarlódh a leithéid arís.

I. AN GEILLEAGAR DIGITEACH, AN NUÁLAÍOCHT AGUS SEIRBHÍSÍ

1. Le comhtháthú an domhain, tá sé ríthábhachtach go mbeadh geilleagar láidir digiteach ann ar mhaithe leis an bhfás agus le hiomaíochas Eorpach. Chuige sin, ní mór gach iarracht a dhéanamh le go gcuirfear tionsclaíocht na hEorpa chun cinn arís maidir le táirgí agus seirbhísí digiteacha. Tá géarghá le margadh aonair digiteach teileachumarsáide comhtháite, a rachadh chun tairbhe tomhaltóirí agus cuideachtaí. Mar chuid dá straitéis fáis, ní mór don Eoraip borradh a chur faoin nuálaíocht dhigiteach shonraibhunaithe in earnálacha uile an gheilleagair. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacú le laghdú an bhearna dhigitigh i measc na mBallstát.

Infheistiú a dhéanamh sa gheilleagar digiteach

2. Tá infheistíocht agus an creat rialála ceart de dhíth ar an Eoraip chun leas iomlán a bhaint as acmhainn an gheilleagair dhigitigh, chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus chun gníomhaíocht eacnamaíoch nua agus poist do dhaoine oilte a chruthú. Ba cheart infheistíochtaí nua a chur chun cinn chun dlús a chur le feidhmiú céimneach an bhonneagair lena mbeifear in ann na spriocanna maidir le luas leathanbhanda, atá sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip, a bhaint amach agus chun dlús a chur le húsáid teicneolaíochtaí nua, amhail 4G, agus neodracht na teicneolaíochta á gcoinneáil. Ba cheart bearta reachtacha a ghlacadh go pras maidir leis an gcostas a bhaineann le feidhmiú céimneach an leathanbhanda a ísliú.
3. Tá roinnt teicneolaíochtaí straitéiseacha ann, amhail ríomhaireacht Mhórshonraí agus an Néalríomhaireacht lenar féidir an-dlús a chur le táirgiúlacht agus le seirbhísí. Ba cheart, leis an néalríomhaireacht, go bhfeabhsófaí rochtain ar shonraí agus go n-éascófaí roinnt na sonraí sin. Leis an ríomhaireacht Mhórshonraí, féachtar le méid mór sonraí a phróiseáil, a bhailiú, a stóráil agus a anailísiú. Le gníomhaíocht AE, ba cheart go gcuirfí na dálaí réime ar fáil do mhargadh aonair don ríomhaireacht Mhórshonraí agus don Néalríomhaireacht, go háirithe trí chaighdeán a chur chun cinn do sheirbhísí slána néalríomhaireachta, a bheadh iontaofa agus ar ardchaighdeán. Ba cheart go leanfadh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit, le tacaíocht ón gComhpháirtíocht Néalríomhaireachta Eorpach, de gach iarracht a dhéanamh chun go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta maidir leis an néalríomhaireacht a ghlacadh. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbunófar líonra láidir comhordaitheoirí náisiúnta digiteacha a d'fhéadfadh ról straitéiseach a imirt sa néalfhorbairt agus san fhorbairt ar Mhórshonraí agus ar Shonraí Oscailte.

4. Is tábhachtach don gheilleagar digiteach freisin an obair leanúnach chun dul i ngleic leis an imghabháil cánach, leis an gcalaois chánach, le planáil ionsaitheach chánach, le creimeadh an bhoinn chánach agus le hidirastriú brabúis. Ba cheart do na Ballstáit na seasaimh atá acu a chomhordú tuilleadh i gcás inarb iomchuí d'fhonn an réiteach is fearr is féidir a bhaint amach do na Ballstáit agus do AE i gcreat ECFE/BEPS (Creimeadh an Bhoinn agus Idirastriú Brabúis). San athbhreithniú ar CBL atá á dhéanamh aige faoi láthair, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh freisin ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an ngeilleagar digiteach, amhail rátaí cánach difreálaithe do tháirgí digiteacha agus do tháirgí fisiceacha. Tá an Chomhairle Eorpach sásta le tionscnamh an Choimisiúin go mbunófaí grúpa saineolaithe maidir le cánachas agus an geilleagar digiteach. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcánachas ag a cruinniú i mí na Nollag 2013.

Margadh Aonair Digiteach atá áisiúil don tomhaltóir agus don ghnó a chur chun cinn

5. Tá sé ríthábhachtach an ilroinnt a shárú, iomaíochas éifeachtach a chur chun cinn agus an infheistíocht phríobháideach a mhealladh trí chreat dlíthiúil comhtháite ar fud AE, agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á áirithiú ag an am céanna agus céim áirithe solúbthachta á ceadú do na Ballstáit chun bearta breise a dhéanamh chun tomhaltóirí a chosaint. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur chuir an Coimisiún an pacáiste maidir leis an "Ilchríoch Idirnasctha" i láthair agus molann sí don reachtóir dianscrúdú a dhéanamh ionas go nglacfar go tráthúil é. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh ar chomhuainiú agus ar choinníollacha an tsannta minicíochta, agus aird chuí ar na hinniúlachtaí náisiúnta sa réimse sin.
6. An gealltanas go dtabharfar an Margadh Digiteach Aonair chun críche faoi 2015, caithfear é a chomhlíonadh: agus an margadh chomh ilroinnte agus atá faoi láthair cuirtear bac ar na hiarrachtaí chun tairbhe a bhaint as acmhainn iomlán an gheilleagair dhigitigh. Teastaíonn, chuige sin, cur chuige cuimsitheach trína gcothófaí an nuálaíocht agus an iomaíocht sna seirbhísí digiteacha.

7. Ba cheart go ndéanfaí gach iarracht is féidir chun dlús a chur faoin obair ar na tograí reachtacha atá ar feitheamh, go háirithe na tograí maidir le sainaitheint leictreonach agus seirbhísí iontaoibhe, sonrascú leictreonach agus seirbhísí íocaíochta chun go bhféadfá iad a ghlacadh faoi dheireadh na tréimhse reachtaí. Caithfear aghaidh a thabhairt freisin ar na scrogaill atá ann do dhaoine rochtain a fháil ar a "saol digiteach" ó ardáin éagsúla, scrogaill arb ann dóibh de bharr easpa idir-inoibritheachta nó easpa iniomparthachta ó thaobh ábhair agus sonraí. Cuirtear bac leis an méid sin ar úsáid seirbhísí digiteacha agus ar iomaíochas. Caithfear creat oscailte neamhidirdhealaitheach a bheith ann mar sin chun idir-inoibritheacht agus iniomparthacht den chineál sin a áirithiú gan bac a chur ar fhorbairt an réimse digiteach, atá ag dul ar aghaidh go gasta, agus ualach neamhriachtanach riaracháin á sheachaint, go háirithe do FBManna. Chun seirbhísí digiteacha agus ábhar digiteach a chur ar fáil ar fud an mhargaidh aonair, caithfear córas cóipchirt a bhunú don ré dhigiteach. Tabharfaidh an Coimisiún a athbhreithniú ar an gcreat Eorpach cóipchirt chun críche san Earrach 2014. Is den tábhacht é córas cóipchirt na hEorpa a nuachóiriú agus an ceadúnú a éascú, chomh maith le hardleibhéal cosanta a chur ar fáil ag an am céanna do chearta maoinne intleachtúla, agus an éagsúlacht chultúrtha a chur san áireamh.
8. Is tábhachtach muinín na saoránach agus na ngnólachtaí a chothú sa gheilleagar digiteach. Is rítábhachtach é Creat Ginearálta láidir Cosanta Sonraí AE agus an Treoir maidir le Cibearshlándaíl a ghlacadh go trathúil chun go dtabharfar an Margadh Aonair Digiteach chun críche faoi 2015.
9. Ba cheart leanúint de riaracháin phoiblí a nuachóiriú trí sheirbhísí amhail ríomhsheirbhísí rialtais, ríomhsheirbhísí sláinte, sonrascú leictreonach agus ríomhsholáthar a chur chun feidhme go mear. Is é an toradh a bheidh air sin go mbeidh níos mó seirbhísí digiteacha ann, agus iad níos fearr, do shaoránaigh agus d'fhiontair ar fud na hEorpa agus go mbeidh coigilt ann ó thaobh costais de san earnáil phoiblí. Is áis gan saothrú iad na Sonraí Oscailte lena mbaineann cumas thar na bearta chun sochaithe níos láidre idirnasctha a fhorbairt, a bheadh in ann riachtanais a saoránach a chomhlíonadh agus ina mbláthódh an nuálaíocht agus an rathúnas. Cuirfear an idiroibritheacht agus athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí chun cinn go gníomhach. Ba cheart reachtaíocht AE a dhearadh chun idirghníomhaíocht dhigiteach idir saoránaigh, gnólachtaí agus údaráis phoiblí a éascú. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun an prionsabal a chur i bhfeidhm nach mbailítear ach uair amháin faisnéis ó shaoránaigh, agus na rialacha cosanta sonraí á n-urramú.

Scileanna a fheabhsú

10. Is gá go mbeadh na scileanna digiteacha riachtanacha ag úsáideoirí. Ní bhaineann go leor saoránach ná fiontar Eorpach úsáid leordhóthanach as TF. Mar thoradh air sin, tá sé ag éirí níos deacra poist dhigiteacha a líonadh. In 2011, bhí 300 000 folúntas nár líonadh in earnáil TFC san Aontas Eorpach; mura gcuirfear stop ar an treocht sin, d'fhéadfadh oiread agus 900 000 folúntas gan líonadh ann faoi 2015. Is ar aimhleas ár gcuspóirí maidir leis an mbeartas eacnamaíoch agus sóisialta atá an neamhréir scileanna sin.
11. Ba cheart bearta nithiúla a ghlacadh chun an cás sin a cheartú:
 - a) ba cheart cuid de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (2014-2020) a úsáid le haghaidh oideachais TFC, chun tacú le hathoiliúint, agus le hoideachas gairmiúil agus le hoiliúint ghairmiúil i TFC, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha agus trí ábhar digiteach, i gcomhthéacs an Tionscnaimh Fostaíochta don Ógra;
 - b) ba cheart leibhéal níos airde comhtháthaithe ar scileanna digiteacha san oideachas a áirithiú, ó na luathchéimeanna scolaíochta go dtí an t-ardoideachas, an oiliúint ghairmiúil, an oiliúint agus an fhoghlaím fadsaoil;
 - c) ba cheart an Chomhghuaillíocht Mhór um Poist Dhigiteacha a neartú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna trí chabhrú le scéimeanna soghluaisteachta saothair agus leis an aicmiú nuafhorbartha Scileanna/Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) a úsáid;
 - d) cuirfidh an Coimisiún leis an obair ar bhonn Lánléargas Scileanna AE do phoist dhigiteacha d'fhonn dlús a chur le dul chun cinn maidir le creataí uile-Eorpacha inniúlachtaí do scileanna digiteacha.

12. Tá tiomantas láidir bunriachtanach i ngach ceann de na trí réimsí sin -infheistíochtaí, an Margadh Digiteach Aonair agus Feabhsú na Scileanna - más fúinn an cuspóir feabhas a chur ar an bhfás, ar an iomaíochas agus ar phoist a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún an clár oibre sin a chur ar aghaidh agus fillfidh sí ar an ábhar sin arís i rith na bliana 2014.

An nuálaíocht

13. Le hinfeistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht, cuirtear leis an táirgiúlacht agus leis an bhfás, agus is í is bunchloch freisin do chruthú na bpost. Is fearr a tháinig na Ballstáit a dhéanann infheistíocht leanúnach i dtaighde agus i nuálaíocht aniar ón ngéarchéim reatha ná mar a tháinig na Ballstáit nach ndéanann amhlaidh.
14. I mí Feabhra 2011, d'iarr an Chomhairle Eorpach cur chuige straitéiseach comhtháite chun nuálaíocht a neartú agus chun an leas is fearr a bhaint as caipiteal intleachtúil na hEorpa. Leag sí amach bearta nithiúla chun é sin a bhaint amach. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, tá go leor de na bearta sin ag feidhmiú mar is ceart. Tá forbairt ag teacht ar chomhphleanáil sa taighde agus sa nuálaíocht. Déantar faireachán bliantúil ar dhul chun cinn maidir le nuálaíocht i gcreat na Straitéise Eoraip 2020. Tá Faireachlann Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht á mbunú. Tá críoch á cur le roinnt clár lena ndéanfar an taighde agus an nuálaíocht a mhaoiniú. Mar a iarradh, mhol an Coimisiún Táscaire aonair ar Aschur Nuálaíochta le déanaí lenar cheart go mbeifear in ann faireachán níos fearr a dhéanamh.
15. Ní hionann i gcónaí cumas intleachtúil agus eolaíoch an Aontais agus tairgí agus seirbhísí nua arbh fhéidir a dhíol sna margaí. Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna ar an mbearna tráchtálaíochta: deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar airgeadas, bacainní margaidh agus ró-mhaorlathas iomarcach. Má dhéantar institiúidí taighde agus an tionsclaíocht a ghrúpáil ("cnuasaigh"), cabhróidh sé sin le hidirghníomhaíocht thorthúil a bhunú eatarthu agus le teacht chun cinn tairgí, seirbhísí agus tionscail nua.

16. Is gá don Eoraip comhordú níos fearr a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as uirlisí amhail deontais, soláthar poiblí réamhthráchtálach agus caipiteal fiontair, agus is gá cur chuige comhtháite maidir le taighde, nuálaíocht agus margaíocht. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ról na hearnála poiblí maidir le nuálaíochtaí sistéimeacha a chumasú, go háirithe in earnálacha na teicneolaíochta glaine agus na bithteicneolaíochta. Le tionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta, 2010, soláthraítear roinnt ionstraimí luachmhara, arbh fhéidir leo, i dteannta na gclár maoinithe, amhail Iomaíochas Fiontar agus FBManna (COSME) agus Fís 2020, lena n-áirítear an tSaoráid Airgeadais Roinnte Riosca, cabhrú leis an nuálaíocht agus leis an tionchar atá aici ar an margadh. Ba cheart go nglacfaí a thúisce is féidir na tograí le haghaidh Tionscnaimh Teicneolaíochta Chomhpháirteacha i réimsí na cógaisíochta, na dteicneolaíochtaí nua fuinnimh, na haerloingseoireachta, an gheilleagair bhithbhunaithe agus na leictreonaice. Ba cheart leanúint freisin leis na hiarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta.
17. Chun Limistéar Eorpach Taighde iomlán a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2014, caithfear dlús a chur le hathchóirithe struchtúracha na gcóras náisiúnta agus faireachán ar an dul chun cinn a láidriú ar bhonn sonraí stóinsithe a chuireann na Ballstáit ar fáil. Sa tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolaic an Coimisiún, sainithníodh roinnt réimsí ina dteastaíonn iarrachtaí breise fós. Go mórmhór, caithfear feabhas a chur ar shoghluaisteacht agus ionchais ghairme na dtaighdeoirí trí scéimeanna leordhóthanacha pinsean, trí rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagar taighde agus trí rochtain oscailte ar thorthaí taighde a fuair maoiniú poiblí agus ar an aistriú eolais mar chuid de straitéisí nuálaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach.
18. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, mar sin, leanúint dá n-iarrachtaí i réimse na nuálaíochta agus an taighde. Ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Feabhra 2014, scrúdóidh an Chomhairle an dul chun cinn a bheidh déanta.

Seirbhísí agus Trádáil

19. Is cuid bhunúsach den Mhargadh Aonair iad seirbhísí. Chun na torthaí eacnamaíocha iomlána a bhaint amach, caithfidh na Ballstáit feabhas a chur gan mhoill ar chur chun feidhme na Treorach um Sheirbhísí chun dlús a chur le hoscailt mhargaí na seirbhísí. Ní mór gach deis a thapú chuige sin; na bacainní nach bhfuil gá leo nó atá díréireach, caithfear iad a bhaint le go mbeidh cothrom na Féinne ann i margadh na seirbhísí. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle tuarascálacha bliantúla a sholáthar maidir le hathchóirithe náisiúnta ar sheirbhísí, lena n-áirítear in earnálacha aonair, agus iarrann sí ar an gCoimisiún tograí chur i dtoll a chéile ina leith faoi Mhárta 2014.
20. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an t-athbhreithniú piaraí ar an Treoir um Sheirbhísí a chuir an Coimisiún i láthair. Aontaíonn sí gur cheart go n-áiritheodh na Ballstáit uile go ndéanfar measúnaithe comhréireachta ar a gceanglais rialála a bheidh córasach, cuimsitheach agus stóinsithe. Ba cheart go dtabharfadh na Ballstáit aghaidh go háirithe ar bhacainní atá díréireach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint de chabhair a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le coincheap na comhréireachta agus iarrann sí ar na Ballstáit na dea-chleachtais a chur san áireamh go hiomlán.
21. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an comh-mheasúnú ar ghairmeacha rialaithe a sheol an Coimisiún agus iarrann sí go ndéanfar dul chun cinn mear maidir leis sin. Ba cheart go saineofaí leis an gcleachtadh sin na bacainní atá fós ann maidir le rochtain ar ghairmeacha sna Ballstáit, ba cheart go ndéanfaí measúnú leis ar thoradh carnach na srianta uile a chuirtear i bhfeidhm ar an ngairm chéanna agus go molfáí beart iomchuí.
22. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tábhacht na trádála mar uirlis chun fás agus fostaíocht a chruthú, i gcomhréir lena conclúidí ó mhí Feabhra 2013. Is díol sásaimh di na príomhghnéithe de Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála le Ceanada agus tá sí ag súil go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle scrúdú air go mear. Cuirfear deiseanna suntasacha nua ar fáil do chuideachtaí sa AE agus i gCeanada leis an gcomhaontú sin agus tabharfar spreagadh tábhachtach do chaidreamh feabhsaithe trádála ar an dá thaobh den Atlantach.

II. BEARTAS EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

Dífhostaíocht i measc an ógra a chomhrac

23. Tá an comhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc an ógra fós ar cheann de príomhchuspóirí straitéis AE chun fás, iomaíochas agus poist a chothú. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur gá go mbeidh an Tionscamh Fostaíochta don Ógra i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí Eanáir 2014, rud a chiallóidh go bhféadfar na chéad íocaíochtaí a thabhairt do na tairbhíthe. Iarrann sí ar na Ballstáit freisin gach iarracht is gá a shaothrú chun na críche sin.
24. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit an Ráthaíocht don Aos Óg agus an dearbhú ón gComhairle maidir leis an gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí a chur chun feidhme go mear. Maidir leis na Ballstáit a bhaineann tairbhe as an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra, cuireann sí in iúl gur gá dóibh plean chur chun feidhme na "Ráthaíochta don Aos Óg" a ghlacadh faoi dheireadh 2013 d'fhonn tairbhe a bhaint as an tionscnamh go gasta. Sa chomhthéacs seo, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach é an Chomhdháil a bheidh ann i bPáras sár i bhfad.

An geilleagar a mhaoiniú

25. Ba cheart go leanfaí leis na hiarrachtaí go léir gnáthiasachtú a athshlánú maidir leis an ngeilleagar agus maoiniú na hinfheistíochta a éascú, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

26. Ba cheart leas a bhaint as an gcaibidlíocht phleanála i ndáil le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa chun tacaíocht fhoriomlán AE ó na cistí sin chuig ionstraimí airgeadais atá bunaithe ar gh iaráil i gcomhair FBManna in 2014-2020 a mhéadú go suntasach, agus ar a laghad dhá oiread tacaíochta a thabhairt i dtíortha ina bhfuil na dálaí cúng i gcónaí. Ba cheart go gceapfaí na hionstraimí sin ar bhealach lena srianar ilroinnt an mhargaidh agus lena n-áirithítear tionchair ardghiarála agus glacadh gasta i gcás FBManna. Cuideofar sa chaoi sin na cistí a chuimsiú ar bhealach leordhóthanach agus méid na n-iasachtaí nua do FBManna a leathnú.
27. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na tuarascálacha ón gCoimisiún agus ó BEI maidir le bearta a chur chun feidhme lena ndírítear ar an ngeilleagar a mhaoiniú agus iarrann sí ar na Ballstáit an leas ceart a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil. Iarrann sí an athuair comhionstraimí airgeadais roinnte riosca a leathnú idir an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun infheistíochtaí na hearnála príobháidí agus margaí caipitil a gh iaráil i FBManna, agus é mar aidhm acu méid na n-iasachtaí nua do FBManna a leathnú ar fud AE. Ba cheart an obair chun Rialachán na bhForálacha Coiteanna a leasú a thabhairt chun críche ionas go mbeifear in ann ráthaíochtaí a úsáid. Ba cheart go mbainfí tionchair ardghiarála amach leis na hionstraimí nua agus ba cheart go meallfaí infheistíochtaí na hearnála príobháidí agus margaí caipitil leo. Ba cheart do BEI tús a chur lena gcur chun feidhme agus ba cheart go gcuirfí tús láithreach leis an obair maidir le huirlisí a fhorbairt tuilleadh don todhchaí, go háirithe i ndáil le hurrúsú. Cé go mba cheart go ndéanfaí ranníocaíochtaí don tionscnamh FBM ar bhonn deonach i gcónaí, iarrann an Chomhairle Eorpach go mbeadh a mhéid de na Ballstáit agus is féidir rannpháirteach. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha an Coimisiún agus BEI ar an eolas i ndáil lena ranníocaíochtaí faoi dheireadh na bliana. Ba cheart go gcuirfí tús le hoibriú na n-ionstraimí nua i mí Eanáir 2014 chun feidhmiú in éineacht leis an téarnamh, chun an dífhostaíocht a chomhrac agus chun ilroinnt a laghdú sna blianta ag tús an chreata airgeadais.

28. Tá ról fiorthábhachtach ag buiséad an Aontais maidir le deiseanna a chur ar fáil do FBManna. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú maidir leis an gclár COSME agus leis an gclár Fís 2020 agus cuireann sí in iúl gur ábhar tosaíochta é a gcur chun feidhme. Chomh maith leis sin, spreagann sí an reachtóir obair ghasa a dhéanamh ar an reachtaíocht atá molta maidir le cistí infheistíochta fadtéarmacha chun go nglacfar í roimh dheireadh na tréimhse reachtaí.

Oiriúnacht Rialála

29. Is gá rialú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais d'fhonn a áirithiú go mbainfear amach spriocanna beartais AE, lena n-áirítear feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair. Ba cheart go mbainfí é sin amach leis an méid is mó trédhearcachta agus simplíochta agus an costas is íosta is féidir agus an gá le tomhaltóirí, an tsláinte, an comhshaol agus fostaithe a chosaint mar is ceart á chur san áireamh i gcónaí.
30. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí maidir le hoiriúnacht rialála (REFIT), lena ndearbhaítear an obair atá déanta cheana le blianta beaga anuas chun ualach na reachtaíochta a mhaolú, go háirithe i gcás FBManna agus molann sí tuilleadh céimeanna uailmhianacha chun creat rialála AE a dhéanamh níos éadroime. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún níos mó tograí suntasacha a chur i dtoll a chéile sa réimse sin.
31. Gríosáíonn an Chomhairle Eorpach an Coimisiún agus an reachtóir an clár REFIT a chur chun feidhme go mear, *inter alia* trí dhlí AE atá ann cheana a shimpliú, trí thograí a aistarraingt nach bhfuil gá leo a thuilleadh agus trí reachtaíocht atá as dáta a aisghairm.

32. Chun na críche sin, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir gur gá faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn trí mheán scórchláir chuimsithigh chun dul chun cinn ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta a rianú agus chun an t-idirphlé maidir le hoiriúnacht rialála a éascú. Is díol sásaimh di na céimeanna atá glactha ag na Ballstáit agus ag AE lena ndírítear ar rialú a mbaineann ró-ualach leis a shainaithint, agus aird á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta agus ar phrionsabal na comhréireachta. Tá iarrachtaí suntasacha riachtanach i ndáil leis sin, ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le teacht ar chéimeanna breise i ndáil leis an méid sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh agus pléfidh sí an tsaincheist ar bhonn bliantúil mar chuid den Seimeastar Eorpach.

III. AN tAONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

33. Tar éis na gcruinnithe mullaigh a bhí ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2012 agus i mí an Mheithimh 2013, dhírigh an Chomhairle Eorpach an plé a bhí aici ar aontas baincéireachta agus eacnamaíoch ach fillfidh sí ar na saincheisteanna go léir i mí na Nollag 2013. Leis an bpróiseas sin cuirtear le creat institiúideach AE, ag tacú go hiomlán le sláine an mhargaidh aonair, agus cothroime iomaíochta á háirithiú idir Ballstáit AE ag an am céanna, lena n-áirítear tríd an deis chéanna a thabhairt do na Ballstáit bhaile agus do na Ballstáit aíochta. Beidh sé oscailte agus trédhearcach i leith na mBallstát sin nach bhfuil an t-airgeadra aonair in úsáid acu.

Comhordú neartaithe ar bheartais eacnamaíocha

34. Próiseas leantach atá i gceist le rialachas eacnamaíoch a neartú, ar baineadh dul chun cinn suntasach amach ina leith le blianta beaga anuas. Leis an Seimeastar Eorpach, tugtar na gnéithe éagsúla le chéile i bpróiseas comhtháite a bhfuil foirmliú moltaí beartas mar thoradh air.
35. D'fhonn fás láidir, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn, ní foláir comhordú beartas eacnamaíoch a neartú tuilleadh, go háirithe tríd an leibhéal tiomantais, úinéireachta agus cur chun feidhme i ndáil le beartais agus le hathchóirithe eacnamaíocha a mhéadú i mBallstáit an limistéir Euro, a bheidh bunaithe ar dhlisteanacht agus ar chuntasacht dhaonlathach ar leibhéal déanta agus curtha chun feidhme na gcinntí.

36. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir gur cheart díriú le comhar níos dlúithe maidir le beartas eacnamaíoch ar réimsí beartais áit a mbeidh tionchar dearfach le sonrú go soiléir ar an iomaíochas, ar an bhfostaíocht agus ar fheidhmiú AEA.

Ar an gcéad dul síos, déanfaidh an Chomhairle Eorpach anailís roinnte ar an staid eacnamaíoch sna Ballstáit agus sa limistéar Euro mar sin. Chuige sin, tionólfaidh sí plé sul i bhfad, i mí na Nollag, tar éis fhoilsiú an tSuirbhé Bhliantúil Fáis ón gCoimisiún agus fhoilsiú na Tuarascála maidir leis an Sásra Foláirimh, agus é mar chuspóir aici teacht ar chomhaontú, ar bhonn na dtáscairí ábhartha, maidir leis na príomhréimsí chun na beartais agus na hathchóirithe eacnamaíocha a chomhordú.

Beidh an anailís chomhroinnte seo bunaithe ar mheasúnú ar bheartais agus ar bhearta lena gcuirfear leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, lena n-áirítear feidhmíocht na margái saothair agus táirgí, éifeachtúlacht na hearnála poiblí, mar aon le taighde agus nuálaíocht, leis an oideachas agus le hoiliúint ghairmiúil, leis an bhfostaíocht agus le cuimsiú sóisialta sa limistéar Euro.

Soláthróidh an Coimisiún, freisin, an chéad fhorbhreathnú ar chur chun feidhme moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith a bheidh mar bhonn chun faireachán breise a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

Leanfar ar an obair d'fhonn comhordú ar bheartais eacnamaíocha a neartú, agus é mar chuspóir cinntí a dhéanamh i mí na Nollag maidir le príomhghnéithe socruithe conarthacha agus na sásraí dlúthpháirtíochta a bhaineann leo. Bhainfeadh sé sin leis na Ballstáit go léir sa limistéar Euro, ach féadfaidh na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar Euro socruithe den chineál céanna a dhéanamh. Ní mór d'aon bheart mar sin a bheith ag teacht go huile is go hiomlán leis an margadh Aonair.

An ghné shóisialta

37. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gné shóisialta AEA mar chéim dhearfach agus athdhearbhaíonn sí an tábhacht a bhaineann le forbairtí fostaíochta agus sóisialta laistigh den Seimeastar Eorpach. Ba cheart úsáid scórchláir fhostaíochta agus shóisialta sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus úsáid táscairí fostaíochta agus sóisialta i gcomhréir lena bhfuil molta ag an gCoimisiún a shaothrú, i ndiaidh an obair is iomchuí a dhéanamh leis na Coistí ábhartha, chun teacht ar chinneadh sa Chomhairle i mí na Nollag, a dhearbhaíodh an Chomhairle, d'fhonn na hionstraimí nua sin a úsáid chomh luath le Seimeastar Eorpach 2014. Is é is aidhm don raon níos leithne táscairí tuiscint níos leithne a éascú ar fhorbairtí sóisialta.
38. Déanfar an comhordú a fheabhsú tuilleadh maidir le beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta ar aon dul leis na nósanna imeachta atá ann faoi láthair agus an aird chuí ar na hinniúlachtaí náisiúnta ag an am céanna. Ciallaíonn sin nach mór tuilleadh a dhéanamh chun comhar idir cumraíochtaí éagsúla na Comhairle a neartú d'fhonn comhsheasmhacht na mbeartas sin a áirithiú ar aon dul lenár gcomhchuspóirí.
39. Maidir le comhordú neartaithe an bheartais eacnamaíoch agus na bearta breise chun an ghné shóisialta a fheabhsú sa limistéar Euro, is ar bhonn saorálach a bheidh siad dóibh siúd nach bhfuil páirteach san airgeadra aonair agus beidh siad comhsheasmhach go huile is go hiomlán leis an Margadh Aonair.
40. Ar deireadh thiar thall, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an t-idirphlé sóisialta, ina bhfuil na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach, a fhorbairt ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal Eorpach araon, go háirithe i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh d'fhonn an úinéireacht a ghabhann le conclúidí an tseimeastair a threisiú ar fud an Aontais.

An tAontas Baincéireachta

41. Tá an Chomhairle Eorpach gníomhach agus an próiseas chun Aontas Baincéireachta a bhunú á stiúradh aici. Is díol sásaimh di gur ghlac an Comhairle leaganacha deireanacha de na Rialacháin lena leasaítear an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach. Is céim chinntitheach an méid sin i dtreo an aontais bhaincéireachta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle prionsabal neamh-idirdhealaithe na mBallstát maidir le maoirseacht bhaincéireachta agus réiteach baincéireachta mar a luaigh an Chomhairle Eorpacha i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus athdheimhníonn sí na socruithe nua vótála ar thángthas ar chomhaontú ina leith sa rialachán ÚBE maidir leis na saincheistanna sin, lena léirítear an chothromaíocht is iomchuí idir na Ballstáit atá rannpháirteach agus na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach. Athdheimhníonn an Chomhairle freisin go n-aontaíonn sí gur ón dáta a mbeidh ceithre Bhallstát ann nach Ballstáit rannpháirteacha iad a dhéanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na socruithe vótála.
42. Is é an Sásra Maoirseachta Aonair an chéad chéim i dtreo an Aontais Bhaincéireachta. I mí na Samhna, seolfaidh an Banc Ceannais Eorpach measúnú cuimsitheach ar institiúidí creidmheasa na mBallstát atá rannpháirteach sa Sásra Maoirseachta Aonair i gcomhréir leis an Rialachán lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach. Déanfar tástálacha struis ar bhainc ar fud AE ina dhiaidh sin. Measann an Chomhairle Eorpach go bhfuil an cleachtadh sin fíorthábhachtach chun muinín in earnáil bhaincéireachta AE a atreisiú agus chun gnáthchoinníollacha iasachtaithe a athbhunú do ghnólachtaí agus do theaghlaigh. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil le tacaíocht iomlán agus comhar iomlán ó na húdaráis náisiúnta chun trédhearcacht iomlán agus cur chuige dian a áirithiú, rud atá fíorthábhachtach le haghaidh inchreidteacht an chleachtaidh.

43. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle Eorpach an phráinn a bhaineann, do na Ballstáit atá rannpháirteach sa Sásra Maoirseachta Aonair, le cur chuige comhordaithe Eorpach a leagan síos mar ullmhúchán don measúnú cuimsitheach a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach ar institiúidí creidmheasa. Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit na socruithe iomchuí, lena n-áirítear cúltacaí náisiúnta, agus na rialacha a bhaineann le stáitchabhair á gcur i bhfeidhm. Tá ionstraimí Eorpacha ar fáil i gcomhréir leis na rialacha a comhaontaíodh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle an cur chuige sin a fhorbairt mar ábhar práinne agus fógra a thabhairt ina leith faoi dheireadh mhí na Samhna, i gcomhréir leis an gcuspóir go gcríochnóidh an Banc Ceannais Eorpach an measúnú cuimsitheach ar institiúidí creidmheasa ar bhealach tráthúil.
- Iarrann sí freisin ar an nGrúpa Euro bailchríoch a chur ar na treoirlínte d'athchaipitliú díreach an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh ionas go mbeidh an deis ag an Sásra Cobhsaíochta Eorpach bainc a athchaipitliú go díreach, nuair a bheidh an Sásra Maoirseachta Aonair bunaithe.
44. Tá sé práinneach go dtabharfar an tAontas Baincéireachta chun críche agus tá gá ní hamháin le Sásra Maoirseachta Aonair ach le Sásra Réitigh Aonair freisin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar reachtóirí an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus an Treoir maidir le Scéim Ráthaithe Taiscí a ghlacadh faoi dheireadh na bliana. Cuireann an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá ann an Sásra Réitigh Aonair agus an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc mar a ghlacadh í sa deireadh thiar a ailíniú. Cuireann sí béim láidir freisin ar thiomantas na Comhairle teacht ar chur chuige ginearálta faoi dheireadh na bliana i ndáil leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an Sásra Réitigh Aonair, chun go gceadófar a ghlacadh roimh dheireadh na tréimhse reachtaí reatha.

IV. COMHPHÁIRTÍOCHT AN OIRTHIR

45. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil le Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir a bheidh ar siúl i Vilnius an 28 agus an 29 Samhain 2013. Cuireann sí i bhfáth a thábhachtaí agus atá Comhpháirtíocht an Oirthir maidir le comhlimistéar an daonlathais, an rathúnais agus na cobhsaíochta a chothú ar fud mhór roinn na hEorpa. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach toilteanach an Comhaontú Comhlachais a shíniú, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála leis an Úcráin ag Cruinniú Mullaigh Vilnius, ar choinníoll go ndéanfar gníomh diongbháilte agus dul chun cinn nithiúil i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2012, agus tús a chur lena fheidhmiú sealadach. Dearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach ullamh inisealacha a chur le comhaontuithe comhchosúla le Poblacht na Moldóive agus leis an tSeoirsia, d'fhonn iad a shíniú faoin bhFómhar 2014.

V. SREABHA IMIRCE

46. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur ábhar mór bróin di na céadta daoine a fuair bás tragóideach sa Mheánmhuir le déanaí, rud a chuir uafás ar gach uile Eorpach. Bunaithe ar an ngá atá le cosc agus le cosaint, agus prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta mar threoir, ba cheart gníomh diongbháilte a dhéanamh chun nach gcaillfí daoine ar muir agus nach dtarlódh tragóid dá samhail choíche arís.

47. Cuireann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na sreabh imirce trí fheabhas a chur ar chomhar le tíortha tionscnaimh agus le tíortha idirthurais, lena n-áirítear trí thacaíocht forbartha iomchuí AE agus trí bheartas éifeachtach aidsúichithe. Iarrann sí comhar níos dlúithe leis na heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta freisin, go háirithe Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce sna tríú tíortha lena mbaineann. Ní hamháin gur cheart dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne gáinneáil i ndaoine agus smuigleáil daoine ar chríoch Bhallstáit AE, ach ba cheart dlús a chur leis sna tíortha tionscnaimh agus sna tíortha idirthurais freisin. Thairis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar gníomhaíochtaí Frontex sa Mheánmhuir agus feadh teorainneacha Oirdheisceartach AE a threisiú. Beidh sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR) chun feidhme chun cabhrú soithí agus daoine a thagann isteach go neamhdhleathach a bhrath, agus cabhrú, ar an gcaoi sin, le beatha daoine a chosaint agus a shábháil ar theorainneacha seachtracha AE.
48. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Tascfhórsa nuabhunaithe don Mheánmhuir, faoi stiúir an Choimisiún Eorpaigh agus ina bhfuil Ballstáit, gníomhaireachtaí AE agus SEGS rannpháirteach, gníomhartha tosaíochta a shainaithe - bunaithe ar phrionsabail an choisc, na cosanta agus na dlúthpháirtíochta- chun go mbainfear leas níos éifeachtúla gearrthearma a bhaint as beartais agus as uirlísí Eorpacha. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle ag an gcruinniú a bheidh aici an 5-6 Nollaig 2013 maidir le hobair an Tascfhórsa d'fhonn cinntí oibríochtúla a dhéanamh. Tabharfaidh an Uachtaránacht tuarascáil don Chomhairle Eorpach i mí na Nollag.
49. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar shaincheisteanna tearmainn agus imirce i Meitheamh 2014 ó thaobh beartais níos cuimsithí agus níos fadtéarmaí, nuair a shaineofar treoirlínte le haghaidh tuilleadh pleanála reachtaí agus oibríochtúla i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

RÁITEAS Ó NA CEANNAIRÍ STÁIT NÓ RIALTAIS

Phléigh na Ceannairí Stáit nó Rialtais a bhfuil tite amach le deireanas i réimse na faisnéise agus an inní atá cruthaithe ag na teagmhais sin i measc shaoránaigh na hEorpa.

Leag siad béim ar an dlúthghaol atá ann idir an Eoraip agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar luach an dlúthghaoil sin. Ba é a dtuairim láidir go gcaithfidh an chomhpháirtíocht eatarthu bheith bunaithe ar mheas agus ar mhuinín, agus gurbh fhíor sin freisin sa mhéid a bhaineann le hobair agus comhoibriú na seirbhísí rúnda.

Leag siad béim ar a bhunriachtanaí atá an bailiú faisnéise sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta. Tá sé bunriachtanach sa chaidreamh idir tíortha na hEorpa iad féin agus ina gcaidreamh le Stáit Aontaithe Mheiriceá. Dá mbeadh easpa iontaoibhe ann, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh don chomhoibriú atá riachtanach i réimse bhailiú na faisnéise.

Thug na Ceannairí Stáit nó Rialtais dá n-aire go raibh sé beartaithe ag an bhFrainc agus ag an nGearmáin comhchainteanna déthaobhacha a iarraidh leis na Stáit Aontaithe agus é d'aidhm acu comhthuiscint a bhaint amach roimh dheireadh na bliana maidir lena gcaidreamh frithpháirteach sa réimse sin. Thug siad dá n-aire freisin go raibh fáilte roimh thíortha eile AE bheith páirteach sa tionscnamh sin.

Chomh maith leis sin luaigh siad Meitheal Oibre AE agus na Stáit Aontaithe i réimse gaolmhar na cosanta sonraí, Meitheal atá ag feidhmiú faoi láthair, agus d'iarr siad go ndéanfaí dul chun cinn mear agus dearfach san obair sin.
